Dé Céadaoin 23. Samhain 2022

P9_TA(2022)0402

Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2022: Bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin – Atreisiú an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta – Laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus nuashonrú ar ioncaim – Coigeartuithe agus nuashonruithe teicniúla eile

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2022 ar an seasamh ón gComhairle ar Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 – Bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin, Neartú ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, Laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus nuashonrú ar ioncaim, Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla (14832/2022 – C9-0388/2022 – 2022/0318(BUD))

(2023/C 167/29)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106(a) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a glacadh go cinntitheach é an 24 Samhain 2021 ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([3]) ("Rialachán CAI"),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([4]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([5]),

— ag féachaint do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 5 Deireadh Fómhair 2022 (COM(2022)0351),

— ag féachaint don téacs comhpháirteach a chomhaontaigh an Coiste Idir-réitigh an 14 Samhain 2022 maidir leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2023, lena n-áirítear glacadh Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 freisin,

— ag féachaint don seasamh ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2022, a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 21 Samhain 2022 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an lá céanna (14832/2022 – C9-0388/2022),

— ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0280/2022),

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([5]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

Dé Céadaoin 23. Samhain 2022

A. de bhrí go gcuimsítear i nDréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 nuashonruithe ar thaobh an chaiteachais agus an ioncaim araon, agus go n-áirítear ann athruithe ar Roinn III (an Coimisiún) agus Ranna Eile;

B. de bhrí go n-áirítear i nDréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 coigeartuithe chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin, ach gan a bheith teoranta dóibh;

C. de bhrí go bhfuil baint ag Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 le maoiniú an Ghnímh nua um Thionscal Cosanta na hEorpa a Threisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA), le treisiú na mbeart éigeandála faoi shraith an tslabhra bia de Chlár an Mhargaidh Aonair, le tús-ualú agus treisiú an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM), le ranníocaíocht AE leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí a threisiú, le caiteachas riaracháin agus pinsin a threisiú de bharr boilsciú ard, leis an méid ón gcúlchiste den thionscnamh nua "ReFuelEU Aviation" a aistriú chuig an líne "Iompar" den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa mar gheall ar an moill atá ar a glacadh; de bhrí go bhfuil na corrlaigh iomlána atá fágtha i gCeannteidil 2b agus 5 ídithe go hiomlán;

D. de bhrí gurb é is aidhm do hAirteagail 64 agus 65 de na Rialacháin Foirne forbairt chumhacht ceannaigh oifigigh AE a choinneáil i gcomhréir le cumhacht ceannaigh státseirbhíseach náisiúnta; de bhrí, i mbuiséad 2022 a glacadh (tionchar 6 mhí), gurbh é 2,5 % an ráta nuashonraithe tuarastail réamh-mheasta a bhí le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach amhail ón 1 Iúil 2022, ach gurb ionann an ráta a léirítear i nDréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 agus 6,9 %; de bhrí go bhfuil an ráta deiridh socraithe ag 7,0 % i dtuarascáil ó Eurostat an 24 Deireadh Fómhair 2022 ar an nuashonrú tuarastail do 2022 ([6]);

E. de bhrí go ndéantar laghdú EUR 775 mhilliún agus EUR 129,2 milliún ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus do EU4Health faoi seach;

F. de bhrí go n-áirítear i nDréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 freisin dhá choigeartú ar thaobh an ioncaim, eadhon nuashonrú ar na meastacháin d'Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) agus an tionchar a mheastar a bheidh ag difríochtaí ráta malairte; de bhrí go meastar gur EUR 3,0 billiún an barrachas ioncaim;

G. de bhrí gurb ionann glantionchar Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 ar chaiteachas agus méadú EUR 447,5 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, agus laghdú EUR 741,1 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; de bhrí gurb é glanlaghdú EUR 3,779 billiún ar ranníocaíochtaí an ollioncaim náisiúnta (OIN) an tionchar foriomlán ar thaobh an ioncaim (ina gcuimsítear barrachas ioncaim agus laghdú ar íocaíochtaí);

H. de bhrí gur mheas an Pharlaimint arís agus arís eile nár cheart ach aon chuspóir amháin a bheith ag dréachtbhuiséad leasaitheach;

1. ag cur sonrú i nDréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 mar ar thíolaic an Coimisiún é;

2. á mheabhrú, ós rud é gur glacadh an bunús dlí le haghaidh EDIRPA go déanach, gur thoiligh an Coiste Idir-réitigh maidir leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2023 gan aon mhéid leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur sa chúlchiste chun na críche sin agus gan líne bhuiséid chomhfhreagrach a chruthú don bhliain airgeadais 2022;

3. á thabhairt chun suntais, ó thús a chur chun feidhme, gur ghá an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) a threisiú go suntasach, go háirithe mar thoradh ar dhálaí adhaimsire arb iad is cúis leis an méadú ar an líon tuilte, dóiteán agus triomach san Eoraip, agus chun flít comhraic dóiteáin buan a chur ar bun chun dóiteáin foraoise ar fud na hEorpa a chomhrac; á chur in iúl, dá bhrí sin, nach mór athmheasúnú a dhéanamh ar an tús-ualú nó cúl-ualú atá beartaithe ar UCPM bunaithe ar riachtanais, go háirithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá ar na bacáin;

4. ag tabhairt rabhadh faoin mbaol a bhaineann le riaráiste íocaíochtaí arda atá ag méadú mar gheall ar na moilleanna imníocha i gcur chun feidhme an chláir agus faoin ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin i gcomhthéacs athbhreithniú CAI;

([6]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal "*Eurostat Report on the 2022 annual update of remuneration and pensions of EU officials*" [Tuarascáil ó Eurostat ar nuashonrú bliantúil 2022 ar luach saothair agus pinsin oifigigh AE], arna fhoilsiú an 24.10.2022.

Dé Céadaoin 23. Samhain 2022

5. á chur i bhfáth go bhfuil laghdú foriomlán EUR 3,8 billiún ar ranníocaíocht OIN na mBallstát agus go bhfuil roinnt Ballstát ag baint tairbhe as breisithe móra ós rud é go ndéantar a lacáistí cnapshuime a choigeartú go bliantúil de réir an fhíor-dhíbhoilsceora praghsanna olltáirgeachta intíre (OTI) – seachas ar bhonn an díbhoilsceora uathoibríoch 2 % a leagtar amach in CAI;

6. á athdhearbhú, chun urraim níos fearr a thabhairt do shaincheart an údaráis bhuiséadaigh, gur cheart don Choimisiún dréachtbhuiséad leasaitheach a thíolacadh le haghaidh aon chuspóir amháin agus staonadh ó roinnt cuspóirí a chur le chéile in aon dréachtbhuiséad leasaitheach amháin;

7. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022;

8. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil Buiséad Leasaitheach Uimh. 5/2022 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

9. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.